# Cuid 12 Foirgnimh Feirme

## Foirgnimh Thraidisiúnta Feirme

Bailiúchán d'fhoirgnimh ar mhéid réasúnta, tógtha as cloch nó as ábhair eile áitiúla, a bhí go traidisiúnta i gclós feirme i nDún na nGall. Bhí crios crann thart ar an chlós, a bhí suite de ghnáth i lag nó in áit le foscadh ar an fheirm. Dá bharr sin, chuir clós feirme leis an timpeallacht ina raibh sé suite agus sé bhí mar chuid lárnach den tuath. Tá carachtar agus tarraingteacht ag baint leis na feirmeacha traidisiúnta agus tá siad mar chuid thábhachtach den tírdhreach tuaithe.

Tá foirgnimh nua-aimseartha feirme níos mó ná na cinn thraidisiúnta, mar thoradh ar mhodhanna feirme níos treise. Is féidir le foirgnimh mhóra, amscaithe a bheith mar thoradh ar úsáid ábhair nua-aimseartha tógála agus ar mhéadú ar na foirgnimh féin, foirgnimh nach bhfuil ag teacht leis an tírdhreach tuaithe.

Le dea-dhearadh agus suíomh, dath agus críochnú oiriúnach, crainn oiriúnacha a chur, agus tréithe tarraingteacha atá ann a choinneáil, is féidir foirgnimh úra agus seanchinn a bheith imeasctha go sásúil sa tírdhreach, agus an chothromaíocht a choinneáil mar a bhí leis na seanchlóis feirme.

## 12.1 Suíomh

- Ba cheart d'fhoirgnimh úra a bheith suite chun comhthathú le foirgnimh atá ann cheana agus tógtha sa chlós feirme atá ann más féidir.
- Ba cheart a bheith cúramach nach gcuirfear isteach ar an teach feirme ná ar na foirgnimh eile atá ann cheana.
- Seachain foirgnimh a chur ina suí ar an spéirlíne.
- Bain úsáid as laganna sa tírdhreach, chun foscaidh agus chun laghdaithe ar thionchar an fhoirgnimh úr.
- Bain úsáid as gnéithe nádúrtha - crainn, cnoic agus a leithéid, le laghdú ar thionchar an fhoirgnimh.
- Seachain deacrachtaí truaillithe agus bolaidh, ag cinntiú treo na gnáth gaoithe, foinsí uisce agus rl. Déan teagmhaíl leis an Oifigeach Sláinte Timpeallachta, mura bhfuil tú cinnte.
- Cinntigh nach bhfuil an foirgneamh ag cur isteach ar shéadchomharthaí stairiúla agus oidhreachta, ná ar an suíomh ina bhfuil siad.
- Coinnigh ballaí cloiche, struchtúir, piléir agus geataí traidisiúnta; is tréithe sainiúla iad i dtírdhreach Dhún na nGall; caomhnaíonn siad féiniúlacht agus carachtar.
- Seachain scrios fál agus crann atá ann; suigh na foirgnimh le tairbhe a bhaint as na crainn.
- Má tá sé riachtanach fál nó balla cloiche a leagan, déan cinnte iad a atógáil.
- Seachain suímh mhóra a thochailt nó a chothromú, más féidir, mar d'fhéadfaí an tírdhreach a loit go buan.

## 12.2 Dearadh agus Ábhair d'Fhoirgnimh Úra

- D'fhéadfadh deis a bheith ann foirgnimh traidisiúnta feime a athnuachaint nó a leathnú i gcóir cónaí. Ba cheart staid struchtúrtha, riachtanais sláinte agus sábháilteachta, costas agus caomhnú charachtar an fhoirgnimh a chur san áireamh.

- Bheadh foirgnimh móra úra ag amharc anuas ar fhoirgnimh níos lú agus ar an teach feirme. Tá deacracht foirgnimh mhóra a cheangal isteach; ba cheart smaoineamh ar dhá nó ar thrí fhoirgneamh níos lú, suite ag taobh a chéile.
- Seachain airde gan ghá.
- Déan aithris, más féidir, ar chruth, ar shonraí agus ar charachtar na bhfoirgneamh atá ann.
- Bíonn cuma amscaí go minic ar fhoirgnimh mhóra ar shuímh le fánaí. Cur dhá nó trí fhoirgneamh níos lú san áireamh. Suigh na foirgnimh ar chéimeanna síos, nó ar imlíne comhairde an talaimh.
- Tabhair aire do chruth an dín agus déan iarracht fána an dín a bheith at teacht le cruth an talaimh thart. Tá díonta cuartha níos oiriúnaí ná imlínte díreacha go minic.
- Má ghlactar cúram le húsáid ábhar tógála, cuirtear go mór le cuma foirgnimh. Más féidir, úsáid ábhair thraidisiúnta atá ag dul leis an cheantar áitiúil. Cuideoidh críochnú cloiche ar bhinn foirgnimh, mar shampla, í a cheangal leis an timpeallacht.
- Cuir clúdach rindreála ar bhallaí seachtracha. Seachain i gcónaí críochnú bloic coincréite gan chlúdach. Seachain úsáid a bhaint as an iomarca ábhair éagsúla.
- Tá achar mhór balla den chineál céanna críochnaithe neamhshuimiúil. Bain úsáid as colúin ingearacha péinteáilte le suimiúlacht a chothú agus mar chosc ar ionannas.
- Is féidir úsáid a bhaint as ballaí nó clúdaigh balla éagsúla le cur le cuma foirgnimh.
- Más féidir, bíodh doirse agus fuinneoga ar scála daonna, ar thaobhanna foirgnimh atá le feiceáil. Cuireann oscailtí móra cuma rómhór ar fhoirgnimh. Cuirfidh coibhneas maith le carachtar an fhoirgnimh. Is iad doirse síteáilte is oiriúnaí.
- Cuirfear feabhas ar chuma ghinearálta an fhoirgnimh le críochnú agus ceardaíocht den scoth agus ceangail discréideacha leis na seirbhísí.

## 12.3 Dath

- Caomhnaíonn péint foirgneamh; ba cheart miotal go háirithe a phéinteáil. Chuir dathanna go mór leis na foirgnimh thraidisiúnta agus cuireann foirgnimh dhaite cuma mhaith ar chlós feirme.
- Moltar dathanna dorcha, a chuirfidh le cuma an fhoirgnimh.
- Cur san áireamh na dathanna traidisiúnta – ocsaíd dhearg nó ocsaíd dhorcha ghlas, liath dhorcha nó donn.
- Seachain dathanna ró-éadrom nó róghairéalach; tá siad ró-infheicthe sa tírdhreach agus caillTear an dath thar am.
- Má tá dhá dhath á n-úsáid, cuir an dath is dorcha ar an díon; cuideoidh seo le cuma níos lú a chur ar an fhoirgneamh.
- Ba cheart taobhanna an fhoirgnimh a phéinteáil ar dtús, ionas nach séidfear ceobhrán péinte de dhath éadrom ar dhíon dorcha..
- Bain úsáid as dathanna níos gile le haird a tharraingt ar ghnéithe shonracha sa chlós feirme - geataí, doirse agus fuinneoga agus rl.
- Bain úsáid as péint den scoth, saor ó luaidhe, agus ná húsáid an iomarca leachta caolaithe.
- Ná caith fuíollach péinte ná ábhar glanta péint, isteach i srutháin nó i gcúrsaí uisce. Lean treoir an déantóra. Tá córais bailiúcháin ag an Chomhairle d'fhuíollach péinte.
- Tá páinéil réamhdhaite ar fáil go forleathan anois; ba cheart cinntiú go gcloíonn siad leis na treoracha thuas .

## 12.4 Folach

Ba cheart crainn a phlandáil thart fá chlósanna feirme, le maolú a dhéanamh ar thionchar na bhfoirgneamh, cuidiú le comhtháthú agus le foscadh a thabhairt ón aimsir, go háirithe ón ghaoth.

Sa chás gurbh éigin na foirgnimh a thógáil i suímh mí-oiriúnacha, tá an phlandáil thar a bheith tábhachtach.

- Mullóg ithreach, ar a bhfuil na crainn nó toir curtha, an modh is fearr le foirgneamh feiceálacha a fholach.
- Bain tairbhe i gcónaí as crainn atá ann cheana.
- Cuidíonn crainn curtha taobh thiar d'fhoirgimh lena gceangal isteach sa tírdhreach.
- Is fearr meascán speiceas, go háirithe crainn leathanduilleacha.
- Seachain línte d'aon speicis, crainn neamhdhúchasacha agus crainn mhóra mar Poibleog, Leylandii, Giúis Ghallda Sitka nó Lochlannach. Níl siad ag teacht leis an timpeallacht, agus is féidir leis na duilleoga agus leis na snaithidí giúise draenta a líonadh. Is féidir leis na préamhacha móra dochar a dhéanamh do dhúshraith foirgnimh.
- Meascán de chrainn dhúchasacha is oiriúnaí i ngach suíomh, mar shampla, Dair, Fuinseog, Beith, Caorthann, nó Giúis Albanach. Smaoinigh ar idirphlandáil le toir mar Sceach Gheal, Coll agus Cuileann. Féach Aguisín – Liosta Speicis Dhúchasacha agus ithir oiriúnach.
- Tá foscadh níos fearr le fáil ó choillíní crann agus ó chriosanna fhoscaidh ná mar atá ó línte aonaracha. Bhéarfaidh crios 10m ar leithead foscadh d'achar oiread is 20 uair airde na gcrann.
- Tá cuma níos nádúrtha ar choillíní agus cuireann siad le suimiúlacht na feirme.
- Cinntigh nach gcuirfidh an phlandáil crann isteach ar aon fhorbairt sa todhchaí. Mar riail ginearálta, fág achar d'airde an chrainn fhásta idir an phlandáil agus na foirgnimh.

## 12.5 Seachain Míshlachtmhaireachta

- Loiteann míshlachtmhaireacht na gclósanna feirme íomhá na tuaithe. Ba cheart foirgnimh a bheith críochnaithe go hiomlán agus fuíollach ábhar a bheith bailithe as an suíomh. Ná ceadaigh dumpáil dramhaíola ar an fheirm; tugann sin droch íomha do thionscal na feirmeoireachta. Fáigh réitithe le bruscar tógála sa dóigh cheart.